# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

25 Iúil 2024 Eagrán 206




Painéal na Gaillimhe do Chraobh Uile-Éireann, a imreofar ar Pháirc an Chrócaigh an Domhnach seo chugainn ag 3.30 i.n.

Guíonn pobal Chois Fharraige chuile rath orthu.
Go n-éirí leo!


Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## Craobh na hÉireann

Tá ceantar Chois Fharraige feistithe amach go péacach, bríomhar, dathach agus an pobal ar bís don chluiche mór idir Gaillimh agus Ard Mhacha ar an Domhnach. Tá bratacha beaga agus móra ar chuaillí, ar chrainnte agus ar gheataí. Tá comharthaí dea-mhéine agus beannachtaí ar fud an limistéir. An bhfuil dathanna is ansa linn ná marúin agus bán, an tseachtain seo ar a laghad ar bith?

Táthar in éad leo seo a d'aimsigh na ticéid luachmhara agus a dhéanfaidh ionadaíocht orainn i bPáirc an Chrócaigh mar lucht tacaíochta. Dóibh siúd nach bhféadfaidh dul go Baile Átha Cliath tá ócáid dírithe ar theaglaigh á eagrú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i **Staid an Phiarsaigh i mBóthar na Trá**, áit a ndéanfar craoladh beo ar an gcluiche mór ar scáileán ollmhór 10 méadar faoi 6 mhéadar. Tá córas fuaime d'ardchaigdeán á fheistiú ar an láthair chomh maith.

Ócáid saor in aisce atá ann ach **ní mór ticéad a bheith agat**. Is féidir teacht ar suas le ceithre thicéad ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Caithfidh duine fásta a bheith le haon duine faoi sé bliana déag d'aois.



Osclófar na geataí ag 1.30 i.n. agus ag 3.30 i.n a thosóidh an cluiche. Beidh áiteanna ar fáil ar an bpáirc féin agus sna seastáin. Beidh na gnáth-deiseanna bia a bhíonn ar fáil aimsir cluichí ar fáil.

Beidh scáileán mór eile ar an **bhFaiche Mhór**. Ócáid shaor in aisce atá ansin freisin.

Beidh sé le feiceáil i bpictiúrlann an Eye ar €10 do dhaoine fásta agus €5 do ghasúir – popcorn san áireamh!



Guíonn muid chuile rath ar ár bhfoireann agus ar ár laochra áitiúla, **Liam Ó Conghaile** (thuas, ar dheis) 7 **Cillian Ó Curraoin** (thíos) go háirid.

Is iontach a bhfuil bainte amach ag na peileadóirí óga seo go dtí seo agus is fada linn go mbeidh muid ag fáiltiú abhaile rompu agus Corn Mhic Uidhir ar iompar acu!

## Na Ceoltóirí Óga in Albain

Mar chuid de cheiliúradh 20 bliain Ealaín na Gaeltachta, tháinig grúpa ógánach anall as Albain i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Chaith siad cúpla lá taitneamhacha le roinnt ceoltóirí ó Chois Fharraige agus ar a n-imeacht dóibh thug siad cuireadh anonn go hOileán Leodhais dá gcairde Ceilteacha.



Tapaíodh an deis agus an tseachtain seo caite, thaistil seachtar ceoltóirí óga agus beirt tuismitheoirí anonn go hOileán Leodhais, ceann de na hoileáin is faide ó thuaidh ó chósta na hAlban. Ní turas éasca a bhí ann! Thóg sé beagnach lá iomlán orthu an áit a bhaint amach agus filleadh abhaile, ach b'fhiú an tairbhe an trioblóid.


Rinne siad ceardlanna agus d'fhreastail siad ar ócáidí ceoil mar chuid den fhéile HebCelt. Thug siad cuairt ar fhíodóir traidisiúnta, rinne siad taispeántas ceoil, tugadh go dtí na galláin cháiliúla Clachan Chalanais iad agus d'éirigh leo freastal ar sheirbhís san Eaglais Phreispitéireach mar ar chuala siad an **Salmadaireachd**, an chantaireacht thraidisiúnta a chleachtar ar Inse Ghall.

Na heagraíochtaí Ealaín na Gaeltachta agus Feisean nan Gaidheal a d'eagraigh agus a mhaoinigh an mhalairt chultúrtha seo agus b'iontach an deis a bhí ann don dream óg cur lena bhfeasacht agus a meas ar a gcairde Ceilteacha.

Orthusan a rinne an turas bhí Déithín Ní Fhátharta, Ella Nic Dhomhnaill, Aoibhínn Ní Neachtain, Emma Ní Churraoin, Dearbhail Nic Dhonncha, Ruadhán Ó Fátharta 7 Caomhán Mac Con Iomaire.

Bhí Ruairí Mac Con Iomaire agus Deirdre Nic Con Aonaigh, beirt thuismitheoirí in éindí leis na ceoltóirí agus thug siad aire na huibhe dóibh.

## Maidin Chaife




Beidh an mhaidin chaife mhíosúil á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Aoine 2 Lúnasa sa gCruiscín Lán ag 11.00 r.n.

Ócáid í seo a bhíonn ar bun ar an gcéad Aoine de chuile mhí i sráidbhaile an Spidéil le deis a thabhairt do dhaoine atá seanbhunaithe sa gceantar agus do dhaoine atá nua-thagtha isteach sa gceantar casadh lena chéile, aithne a chur ar a chéile agus tacú leo siúd ar mian leo tógáil ar an méid Gaeilge atá acu.

Níl le déanamh ach bualadh isteach agus ní call aithne a bheith agat ar aon duine roimh ré. Beidh cairde ann romhat!

## An Fear Liath

Is iondúil go mbíonn léiriú de chuid Fibín ar chlár Fhéile Ealaíne na Gaillimhe le roinnt blianta anuas.

Léireofar *An Fear Liath*, seó a scríobh Philip Doherty, iar-stiúrthóir ealaíne Fíbín, amuigh faoin aer sa gCladach i gcathair na Gaillimhe an deireadh seachtaine beag seo. Is comhfhiontar é an cur i láthair seo idir Fíbín sa Taibhdhearc, Centro Dramático Galego (An Amharclann Náisiúnta Gailíseach) 7 Tryater as an bhFrioslainn. Feicfear é ag titim na hoíche in Abhantrach an Chladaigh ar an 25, 26 7 27 Iúil. I nGaeilge amháin a bheas an chaint agus beidh fortheidil i mBéarla ann ar an Aoine agus ar an Satharn.



Scéal é seo faoi chroitheadh a baintear as pobal sráidbhaile iascaireachta mar gheall ar thrálaer a cailleadh, gan mhíniú, sa bhfarraige. Filleann Joan, an iníon is sine abhaile ach ní fada go mbíonn sí gafa le gréasán ceilge, pisreoga agus dúnmharú.

Deirtear linn go bhfuil an dráma seo "idir an saol seo nó an saol eile".

Is féidir ticéid a chur in áirithe ag Ticketsolve.

## Na Cluichí Oilimpeacha

Cuirfear tús oifigiúil leis na Cluichí Oilimpeacha i bPáras ar an Domhnach beag seo. Ar maidin, tamall maith roimh craobhchluiche peile Uile-Éireann, beidh spéis ag muintir an cheantair i gcomórtas eile. Beidh **Aifric Keogh** as Aill an Phréacháin sna Forbacha in iomaíocht i gcomórtas beirte sa rámhaíocht lena leathbhádóir **Fiona Murtagh** as Gort an Chalaidh i Maigh Cuillinn. Beidh an chéad rása acu ar an Domhnach ag 9.30 r.n.

Thug an bheirt seo boinn chré-umha abhaile leo ó na Cluichí Oilimpeacha deireanacha i dTóiceo mar bhaill den fhoireann sna rásaí do cheathrar ach is i gcomórtas beirte a bheas siad ag cluichí na bliana seo. Guíonn muintir Chois Fharraige chuile rath orthu.



## Deiseanna Fostaíochta

Tá an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh in Indreabhán i mbun earcaíochta do phostanna lánaimseartha agus páirtaimseartha. Teastaíonn oibrí cistine lánaimseartha uathu agus tá folúntais le líonadh i gcás oibrithe luathbhlianta lánaimseartha agus páirtaimseartha sa naíonra 7 sa naíolann. Tá deis ann freisin dul ag obair mar oibrí luathbhlianta ar phainéal ionadaithe ar laethanta/uaireanta solúbtha. Ní mór na cáilíochtaí cuí agus Gaeilge líofa a bheith ag iarratasóirí.

Tá eolas breise ar fáil tré ríomhphost a chur chuig bainisteoir@ittancranntaca.ie.

# Ionad Tacaíochta Teaghlaigh
# An Crann Taca

## Fógra Poist

## Oibrí Cistine

Fáiltíonn an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT)/An Crann Taca, Indreabhán, Co. na Gaillimhe roimh iarratais ar phost lánaimseartha ar chonradh sainchuspóra (7.00-4.00 ó Luan go hAoine) mar Oibrí Cistine. Beidh an té a cheapfar freagrach as réiteach agus riar béilí do ghasúir an Ionaid, le cúnamh ó oibrithe cistine eile.

Riachtanais an phoist:

- Taithí ar bhia a réiteach do ghrúpaí
- Cáilíocht lónadóireachta / Teastas i Sláinteachas Bia (HACCP)
- Gaeilge líofa

Freagrachtaí an phoist:

- Bia a réiteach do bhéilí éagsúla do na gasúir ar fad san ITT (m.sh. bricfeasta, dinnéar, sneaiceanna), agus freastal ar aon riachtanais speisialta bia atá acu
- Bia a ordú de réir mar is gá
- Cinntiú go gcoinnítear an chistin glan, néata agus go gcomhlíontar na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta ar fad

Scála pá: €14.00-€15.50 in aghaidh na huaire

Seoltar litir iarratais agus CV faoin 2 Lúnasa 2024 chuig bainisteoir@ittancranntaca.ie nó:

An Bainisteoir,
An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh,
Na hAille,
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe,
H91 K6NE

Tá eolas breise ar fáil ach ríomhphost a chur chuig bainisteoir@ittancranntaca.ie.

Is fostóir comhdheiseanna é an ITT.

Ionad Tacaíochta Teaghlaigh
An Crann Taca

## Fógra Poist

# Oibrithe Luathbhlianta AIMS

Fáiltíonn an Crann Taca/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT), Indreabhán, Co. na Gaillimhe H91 K6NE roimh iarratais do phost mar Oibrí Luathbhlianta AIMS chun dul ag obair le gasúir réamhscoile.

Teastaíonn Gaeilge agus cáilíocht Leibhéal 5 ar a laghad i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann).

Scála pá: €14.50 san uair

Seoltar litir iarratais agus CV faoin 2 Lúnasa 2024 chuig bainisteoir@ittancranntaca.ie nó:

An Bainisteoir,
An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh,
Na hAille,
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe,
H91 K6NE

Tá eolas breise ar fáil ach ríomhphost a chur chuig bainisteoir@ittancranntaca.ie.

Is fostóir comhdheiseanna é an ITT.

Ionad Tacaíochta Teaghlaigh
An Crann Taca

## Fógra Poist

# Oibrithe Luathbhlianta

### Lánaimseartha, Páirtaimseartha & Ionadaithe

Fáiltíonn an Crann Taca/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (ITT), Indreabhán, Co. na Gaillimhe H91 K6NE roimh iarratais do phost mar Oibrí Luathbhlianta chun dul ag obair le gasúir réamhscoile agus naíolainne.

Tá poist lánaimseartha agus pháirtaimseartha ar fáil, chomh maith le laethanta/uaireanta solúbtha le haghaidh ionadaithe.

Teastaíonn Gaeilge agus cáilíocht Leibhéal 5 ar a laghad i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann).

Scála pá: €14.50 go €16.50 san uair

Seoltar litir iarratais agus CV faoin 2 Lúnasa 2024 chuig bainisteoir@ittancranntaca.ie nó:

An Bainisteoir,
An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh,
Na hAille,
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe,
H91 K6NE

Tá eolas breise ar fáil ach ríomhphost a chur chuig bainisteoir@ittancranntaca.ie.

Is fostóir comhdheiseanna é an ITT.

## Moladh na Seachtaine

*Máire Ní Neachtain*

Tá an samhradh á chaitheamh agus, faraor géar, níl an aimsir ar ár mian againn! Fós féin, in ainneoin na gaoithe agus na báistí, is beag lá nach bhfuil deis againn bualadh amach agus dul ar shiúlóid. Tá neart bóithríní ar fud Chois Fharraige a bhfuil sé éasca siúl orthu agus cé go mbíonn roinnt tráchta ar chuid acu ní fada go mbíonn tú thuas ar an gcriathrach nó ar an bportach, laghdú ar líon na gcarranna agus na ndaoine a chasfaidh leat agus méadú ar an líon éanacha agus ainmhithe beaga a bheas mar chomhluadar agat!

Molaim go láidir breis luach a chur le do shiúlóid an samhradh seo agus treoir a ghlacadh ó Sheathrún Ó Tuairisg as an Lochán Beag. Le linn na paindéime, agus Seathrún ar a shiúlóid laethúil mar a rinne oiread sin againn an tráth sin, thug sé faoi deara a raibh de phlandaí agus de bhláthanna ar leataobh an bhóthair agus sna garrantaí nach raibh a gcuid ainmneacha ar eolas aige. Chuir sé roimhe an bhearna eolais sin a líonadh! Thógadh sé pictiúr lena ghuthán agus théadh sé i mbun taighde ar fhilleadh abhaile dó! Tá toradh an tsaothair le feiceáil ar an suíomh gréasáin iontach a thóg sé: www.florachoisfharraige.ie/.



Tugann an suíomh seo léargas ar phlandaí coitianta agus neamhchoitianta atá le feiceáil i gceantar Chois Fharraige. Tá sé dírithe den chuid is mó ar phlandaí le bláthanna ach tá roinnt plandaí gan bláthanna ann freisin; raithní éagsúla mar shampla.

Tá leathanach ar leith ag chuile phlanda, ina bhfuil ainmneacha éagsúla an phlanda – Gaeilge, Laidin agus Béarla – chomh maith le híomhánna difriúla de. Leagtar amach na plandaí de réir catagóirí éagsúla freisin – dath, gnáthóg 7rl – agus tá liosta ar an suíomh de shonraí na bplandaí.

Tá tábhacht ar leith leis an rannóg **gnáthóga** mar gur éasca teacht ar an eolas atá uait: taobh an bhóthair, talamh fliuch, sceacha cósta 7rl... Tá seacht gcinn fhichead rangaithe ag Seathrún!





Mar sin, chomh maith le bheith ag comhaireamh do chuid céimeanna nó ag tomhais fad na siúlóide, cuir le do chuid eolais ar a bhfuil thart ort! Tóg do phictiúr agus le cabhair Sheathrúin, cuir ainm agus eolas ar bhláth nó ar phlanda shiúlóid an lae. Ná dearmad ach oiread taifead a choinneáil. Faigh leabhar nótaí deas le clúdach crua duit féin agus breac na sonraí. Ní fada go mbeidh do dhialann dúlra pearsanta féin agus tuairisc thábhachtach agat ar chúrsaí timpeallachta i do bhaile fearainn féin!

Grianghraif: flórachoisfharraige.ie